

## Bac mór ar dhul i ngleic le foréigean inscne de bharr bearnaí sna sonraí

Tháinig saineolaithe um bailiú sonraí ó EU-28 le chéile in Vilnius i gcomhair cruinniú sainchomhairliúcháin maidir le foréigean inscne (GBV), ag iarraidh ar dhéantóirí beartais a chinntiú go mbaileofar sonraí comhchuibhithe agus inchomparáide ar GBV san EU-28. *“Is gá sonraí inchomparáide, imdhealaithe gnéis a bhailiú chun éifeachtúlacht ár n-iarachtaí le deireadh a chur le foréigean inscne a thomhas. Is coir cheilte atá i bhforéigean in aghaidh ban ar fud an AE go fóill. Cuireann an easpa sonraí agus faisnéise iontaoifa maidir le leitheadúlacht foréigin bac ar chomhrac foréigean in aghaidh ban a chur chun cinn. Is gá do rialtais gníomhú go práinneach le dul i ngleic leis an easpa seo”, a deir Therese Murphy ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), eagraí an chruinnithe.*

Léiríonn torthaí an chéad staidéar AE ar an staid reatha agus cumas na bhfoinsí sonraí riaracháin ar GBV a mhapáil, a rinne EIGE, go bhfuil bac mór ar fhoréigean foréigean inscne a thomhas de bharr bearnaí sna sonraí. Níl aon sonraí imdhealaithe gnéis inchomparáide sa réimse seo ag leibhéal AE. Rinneadh mapáil agus measúnú i staidéar EIGE ar fhoinsí sonraí riaracháin in EU-28 i dtéarmaí a gcáilíocht agus inchomparáideacht agus aithníodh na céimeanna riachtanacha chun sonraí inchomparáide a bhailiú ar GBV ar fud EU-28. Léirigh na saineolaithe ar fad a ndeachthas i ngleic leo go bhfuil sonraí inchomparáide agus comhchuibhithe agus comhordú éifeachtach agus struchtúrtha idir na gníomhairí atá bainteach i mbailiú sonraí ríthábhachtach chun na tionscnaimh le dul i ngleic le foréigean inscne a thomhas agus a mhonatóiriú.

### Tá 25,000 ionad dídine fós in easnamh

Tugadh le fios i dtuarascáil EIGE “Foréigean in aghaidh Ban. Tacaíocht d’Íospartaigh” chomh maith nach bhfuil dáileadh cothrom ar sheirbhísí speisialtaithe cosúil le hionaid dídine, seirbhísí comhairleoireachta nó línte gutháin i mBallstáit AE agus ina measc agus go bhfuil fadhbanna cumais agus maoinithe ag go leor díobh. De réir tuarascáil EIGE, tá os cionn 25,000 ionad dídine fós in easnamh san AE.

### Athrú ag teastáil

Tá institiúidí AE tiomanta do AE saor ó fhoréigean a chruthú do chách. Chun sin a bhaint amach, caithfear bailiú sonraí ar fhoréigean inscne san Eoraip a fheabhsú. Táimid ag súil go dtacóidh staidéar nua EIGE agus na huirlisí nua a d’fhorbair EIGE leis an athrú a dhéanamh. Is uirlis mhapála atá ann le dul i gcomhairle leis an úsáid fhéideartha as na 150 príomhfhoinsí riaracháin agus na 100 táirge staitistiúla ina bhfuil sonraí riaracháin ar GBV ag leibhéal AE agus iad a fhiosrú.

**Maidir leis an staidéar:** <http://eige.europa.eu/gender-based-violence/administrative-data-sources/about>

***Uirlis mhapála*** le dul i gcomhairle le stádas na bpríomhfhoinsí agus na dtáirgí ina bhfuil sonraí riaracháin ar GBV ag leibhéal AE: <http://eige.europa.eu/gender-based-violence/administrative-data-sources>

**Táirgí staitistiúla ar GBV sna Ballstáit EU-28:** [http://eige.europa.eu/gender-based-violence/administrative-data-sources/search?%20title=&type\[\]=eige\\_statistical\\_product](http://eige.europa.eu/gender-based-violence/administrative-data-sources/search?%20title=&type[]=eige_statistical_product)

**Lean EIGE ar Twitter:** @eurogender